

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Rannog Oideachais Speisialta
Cor na Madadh
Átha Luain
Contae na hIarmhí



Department of Education and Skills
Special Education Section
Cornamaddy
Athlone
Co. Westmeath

Ciorclán Uimh. 0013/2017

Ciorclán chuig Údarás Bhainistíochta Gach Bunscoile Leithdháileadh um Mhúinteoireacht Oideachais Speisialta

1. Cuspóir

Is é is cuspóir leis an gCiorclán seo ná comhairle a thabhairt do scoileanna faoin bpróiseas athbhreithnithe maidir le leithdháileadh um Mhúinteoirí Oideachais Speisialta i mbunscoileanna príomhshrutha don bhliain scoile 2017/18.

Glacfaidh an próiseas athbhreithnithe seo áit scéim an Mhúnla um Dháileadh Ginearálta agus Béarla mar Theanga Breise (GAM/EAL), roimhe seo inár ndáileadh acmhainní go ginearálta ar bhunscoileanna in aghaidh na bliana.

Glacfaidh sé freisin áit phróisis leithdháilte an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) a sholáthraigh acmhainní breise tacaíochta teagaisc do scoileanna, chun tacú le daltaí a ndearnadh measúnú orthu go raibh míchumais de mhinicíocht íseal acu, de réir Ciorcláin ROS 02/2005.

Déanfaidh an Leithdháileadh um Mhúinteoireacht Speisialta Oideachais nua leithdháileadh aonair, aontaithe a sholáthar do riachtanais tacaíochta teagaisc i ngach scoil, bunaithe ar phróifíl oideachais na scoile sin.

Táthar ag cur an leithdháileadh aonair seo ar fáil chun cur ar chumas scoileanna tacaíocht bhreise oideachais a sholáthar do gach dalta a bhfuil tacaíocht bhreise oideachais ag teastáil uathu ina scoileanna.

Bainfidh scoileanna feidhm as acmhainní bunaithe ar riachtanais aonair fhoghlama gach dalta.

Leagtar amach an dóigh a ndearnadh leithdháiltí a fhorbairt do gach scoil i Míreanna 6 agus 7 den Ciorclán seo.

Cinntoidh an múnla nua leithdháilte go mbeidh deimhneacht níos fearr ag scoileanna maidir leis na hacmhainní a mbeidh ar fáil dóibh chun teagasc breise a sholáthar le tacaíocht a thabhairt chun daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur san áireamh ar bhonn leanúnach. Leis seo, cuirfear ar chumas scoileanna pleanáil agus amchlár níos éifeachtúla don soláthar seo a chur i bhfeidhm. Freisin, cuirfidh an próiseas leithdháilte níos luaithe ar chumas scoileanna pleanáil roimhré don bhliain scoile.

Tabharfaidh an múnla nua leibhéal níos airde uathrialach do scoileanna maidir le tacaíocht bhreise teagaisc a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm ina scoileanna, bunaithe ar riachtanais aonair fhoghlama na ndaltaí, seachas a bheith bunaithe go príomha ar dhiagnóis mhíchumais.

D'fhonn tacú le scoileanna faoin dóigh a bhféadfadh siad riachtanais na ndaltaí a aithint agus soláthar a dhéanamh orthu, tá Treoir le haghaidh Scoileanna leis an gCiorclán seo faoi eagrú agus faoi úsáid múinteoirí oideachais speisialta chun dul i ngleic le riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

D'fhorbair an tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais, Cigireacht DES agus an Rannóg um Oideachas Speisialta *Treoir le hAghaidh Scoileanna: Ag Tacú le Páistí agus le Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i Scoileanna Príomhshrutha.*

2. Tacaíocht le haghaidh an Múnla Nua Leithdháilte a Thabhairt Isteach

Táthar ag cur acmhainní breise ar fáil chun poist bhreise Mhúinteoireacht Oideachais Speisialta a leithdháileadh ar scoileanna ó Mheán Fómhair 2017, chun tacaíocht a thabhairt don Mhúnla seo.

Tabharfaidh na hacmhainní breise seo tacaíocht do scoileanna aistriú ón gcóras leithdháilte a bhí ann le blianta beaga anuas, chuig an Mhúnla nua leithdháilte próifílithe, leis an gcur isteach is lú.

Cinntoidh an leithdháileadh breise a bhfuiltear ag cur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt don mhúnla nua nach bhfaighidh aon scoil leithdháileadh acmhainní teagaisc oideachais speisialta, a eascraíonn as tabhairt isteach an mhúnla nua leithdháilte, atá níos lú ná an leithdháileadh iomlán a fuair an scoil de réir a leithdháiltí GAM/EAL agus NCSE don bhliain scoile 2016/17.

Cinntoidh na hacmhainní seo go mbeidh sé ar chumas gach scoil freastal ar riachtanais tacaíochta oideachais agus foghlama gach páiste ina scoileanna.

Na scoileanna sin atá i dteideal leithdháiltí breise a fháil ó Mheán Fómhair 2017 faoin mhúnla athbhreithnithe, bunaithe ar a bpróifílí scoile, gheobhaidh siad leithdháiltí breise, agus coinneoidh siad na leithdháiltí sin go dtí go dtarlóidh an chéad athphróifiliú eile.

Na scoileanna sin a mbeadh, in ainm, i dteideal leithdháiltí laghdaithe a fháil ó Mheán Fómhair 2017, de réir an phróisis athbhreithnithe leithdháilte agus bunaithe ar a bpróifílí scoile, coimeádfaidh siad a leithdháiltí atá ann cheana féin don bhliain scoile 2016/17, agus coinneoidh siad na leithdháiltí seo le linn cúrsa an mhúnla, go dtí go dtarlóidh an chéad athphróifiliú eile.

Ciallaíonn na hacmhainní breise a bhfuiltear ag cur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt don mhúnla seo nach gcaillfidh aon scoil acmhainní teagaisc oideachais speisialta, agus an múnla seo á thabhairt isteach, agus cuirfear acmhainní breise ar fáil nuair a thugann próifíl na scoile le fios go bhfuil an gá is airde ann dóibh.

Tarlóidh aon choigeartú sa todhchaí ar bhonn céimnitheach, a chuirfidh san áireamh athruithe ar rolluithe scoileanna agus ar líon na ndaltaí, lena n-áirítear líon na ndaltaí atá sa chatagóir riachtanais casta ó rinneadh na leithdháiltí a fhorbairt don chéaduair.

3. Athbhreithniú ar an Mhúnla

Nuair a mhol Tuarascáil Ghrúpa Oibre an CNOS (2014) múnla nua maidir le leithdháileadh tacaíochtaí breise do scoileanna a thabhairt isteach, mhol siad go mairfeadh tacaíochtaí breise teagaisc i bhfeidhm go ceann tréimhse dhá bhliana, sa chéad dul síos.

Dá bhrí sin mairfidh na leithdháiltí reatha i bhfeidhm sa chéad dul síos go ceann dhá bhliana, ar a laghad, agus beidh leithdháiltí próifílithe athbhreithnithe dlite do scoileanna tar éis na tréimhse sin, ó Mheán Fómhair 2019.

4. Cúlra

Cuireadh an córas reatha le hacmhainní teagaisc breise a leithdháileadh ar scoileanna i bhfeidhm i scoileanna príomhshrutha i 1999 i dtosach báire (*Ciorclán 08/99*), bunaithe ar iarratais bhailí ar thacaíocht bhreise teagaisc do dhaltaí a raibh riachtanais speisialta oideachais acu.

Rinne an córas seo leibhéal éagsúla d'uaireanta teagaisc acmhainní a leithdháileadh ar scoileanna chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí aonair ar measadh riachtanais speisialta oideachais a bheith acu. Rinneadh athbhreithniú agus coigeartú ar an chóras in 2002 agus 2003 trí *Chiorclán 08/02* agus *24/03*. De réir théarmaí na gciorelán seo, rinneadh tacaíocht teagaisc a leithdháileadh ar dhaltaí i ngnáthranganna i mbunscoileanna príomhshrutha ar measadh míchumais fhoghlama a bheith acu, de réir an leibhéal tacaíochta infheidhme don chatagóir mhíchumais sin.

Thug an *Ciorclán Oideachais Speisialta 02/05* isteach Múnla Ginearálta Leithdháilte do gach bunscoil príomhshrutha. Sholáthraigh seo córas ginearálaithe tacaíochtaí a leithdháileadh ar dhaltaí a raibh riachtanais thacaíochta foghlama acu, agus do dhaltaí a bhfuil catagóirí ar leith riachtanais speisialta oideachais de mhinicíocht ard acu, (mar a mhínítear le *Ciorclán 02/05*). Na scoileanna sin a raibh daltaí cláraithe acu a raibh Minicíocht Íseal riachtanais speisialta oideachais acu (mar a mhínítear le *Ciorclán 02/05*), lean siad de leithdháiltí den chineál sin a fháil ón NCSE chomh maith lena leithdháiltí MLG.

Ón bhliain scoile 2012/13 ar aghaidh, rinneadh an Múnla Ginearálta Leithdháilte a leathnú chun soláthar ginearálta Tacaíocht le Béarla mar Theanga Breise (BTL), mar a leagtar amach i gCiorclán ROS 007/2012, a chur san áireamh freisin. Fuair scoileanna ina bhfuil ardtiúchan daltaí a bhfuil tacaíocht EAL ag teastáil uathu leithdháiltí breise teagaisc freisin chun freastal ar riachtanais líon aird den chineál sin agus leanfar leis an soláthar seo. Tar éis sin rinneadh leithdháiltí an Mhúnla Ginearálta Leithdháilte/EAL, ón bhliain scoile 2012/13, a uasdátú in aghaidh na bliana do scoileanna mar chuid de shocruithe foirne i mbunscoileanna do gach bliain scoile.

Déanfaidh an múnla nua leithdháilte leithdháiltí a sholáthar, bunaithe ar riachtanais phróifílithe gach scoile, in áit an chórais reatha leithdháilte MLG/BTB do scoileanna chomh maith le leithdháiltí Mhinicíocht Íseal a leithdháileadh ag CNOS, nuair is cuí.

Mar sin, téann an Ciorclán seo in áit Chiorcláin ROS Oid Sp 02/05, 08/99, 24/03, agus 08/02. Téann sé freisin in áit Chiorcláin 30/2011 a rinne tuilleadh coigeartuithe ar an scéim agus Ciorclán ROS 07/2012, a thug isteach socruithe athbhreithnithe don mhúnla Ginearálta Leithdháilte mar chuid d'Imlitreacha Socruithe Foirne Bunscoileanna tar éis sin, arbh é 07/2016 an ceann ba dhéanaí dóibh.

5. Comhairle faoi Bheartas An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Tá feidhm reachtúil ag An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta faoin Acht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais 2004, comhairle faoi bheartas a chur faoi bhráid an Aire

Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas pháistí agus eile a bhfuil míchumais nó riachtanais speisialta oideachais acu.

Thug An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta comhairle faoi bheartas in 2013 http://ncse.ie/wp-content/uploads/2014/11/Ag-Tacu-11_08_13WEB-ACCESSIBLE-FINAL-IRISH.pdf inar thángthas ar an tuairim go raibh eilimintí den mhúnla reatha chun achmainní tacaíochta teagaisc a leithdháileadh i leith Riachtanais Speisialta a d'fhéadfadh a bheith míchothrom.

Go háirithe thuairiscigh an CNOS:

- Go raibh an córas leithdháilte míchothrom, mar go bhféadfadh moill a chur ar roinnt páistí maidir le tacaíocht a aimsiú mar gheall ar mhoilleanna ar mheasúnuithe a éilítear le haghaidh uaireanta acmhainne teagaisc a aimsiú
- Go bhfuil an Múnla Leithdháilte Ginearálta, a úsáidtear le haghaidh Múinteoirí Tacaíochta Foghlama a leithdháileadh, míchothrom mar gur beag aird a thugann sé ar na riachtanais éagsúla i scoileanna éagsúla, mar go ndéantar leithdháiltí ar bhonn líon na múinteoirí príomhshrutha atá i ngach scoil
- Go bhfuil fíorbhaol ann go bhfuil diagnóisiú á dhéanamh ar pháistí go bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chun críche leithdháilte acmhainní, seachas go bhfuil gá le diagnóisiú mar sin ar mhaithe le cúrsaí sláinte
- Go bhfuil réimse cumais agus míchumais laistigh de gach catagóir riachtanas speisialta oideachais. Laistigh den gcóras reatha leithdháiltear an leibhéal céanna tacaíochta do dhaltaí laistigh de chatagóirí ar leith riachtanais speisialta oideachais cé go bhféadfadh sé go mbeadh gá i bhfad níos mó ag dalta amháin le tacaíocht seachas dalta eile, a bhfuil an míchumas céanna ag dul dó/di.

Tar éis an chomhairle faoi bheartas seo a fhoilsiú, chuir an CNOS Grúpa Oibre ar bun chun moltaí maidir le múnla nua a fhorbairt, bunaithe ar an chomhairle faoi bheartas. In 2014, mhol Tuarascáil an Ghrúpa Oibre: *Soláthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu: An Múnla Nua atá Beartaithe Maidir le hAcmhainní Teagaisc a Leithroinnt ar Dhaltaí a Bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (2014)* http://ncse.ie/wp-content/uploads/2014/11/Solathar-do-Dhaltai-17_06_14web-accessible-Irish.pdf múnla nua a chur in ionad an mhúnla leithdháilte Múinteoirí Oideachais Speisialta reatha chun tacaíochtaí a leithdháileadh, bunaithe ar bhonn riachtanais oideachais phróifílithe scoileanna

Tá sé beartaithe go mbeidh leithdháileadh tacaíochtaí breise teagaisc ar scoileanna bunaithe, amach anseo, ar phróifíl oideachais scoileanna lena n-áirítear dhá chomhchuid:

- Comhchuid bunlíne a sholáthar do gach bunscoil chun tacaíocht a thabhairt do chuimsiú, dearcrachtaí a laghdú a chur ar dheacrachtaí foghlama (nó iad a laghdú) agus luath-idirghabháil, agus:
- Comhchuid phróifíl oideachais scoile; a chuireann san áireamh
 - Líon na ndaltaí rolluithe sa scoil a bhfuil riachtanais chasta acu
 - Riachtanais tacaíochta foghlama dhaltaí mar a léirítear trí thorthaí thástálacha caighdeánaithe
 - Comhthéacs sóisialta na scoile lena n-áirítear míbhuntáiste agus inscne

Tabharfaidh meascán leithdháilte bunlíne bunaithe ar mhéid scoile agus ar leithdháileadh próifílithe leithdháileadh níos cothroime do gach scoil, rud a aithníonn go bhfuil gá ag gach scoil leithdháileadh tacaíochta maidir le riachtanais speisialta, ach a sholáthraíonn leithdháileadh céimnithe a chuireann san áireamh an leibhéal riachtanais agus meascán na ndaltaí i ngach scoil.

Déantar na leithdháiltí a sholáthrófar do scoileanna ó Mheán Fómhair 2017, atá bunaithe ar na leithdháiltí próifílithe do gach scoil, a ríomh mar seo a leanas:

6. Comhchuid bunlíne a sholáthar do gach bunscoil príomhshrutha chun tacaíocht a thabhairt do chuimsiú, cosc a chur ar dheacrachtaí foghlama agus luath-idirghabháil

Mhol an Grúpa Oibre go mbeadh leithdháileadh bunlíne acmhainní teagaisc ag gach scoil céimnithe i gcomhréir leis an líon rollaithe foriomlán, mar chuid lárnach den mhúnla nua.

Cinntoidh an leithdháileadh bunlíne sin go mbeidh leithdháileadh íosta acmhainní teagaisc ag gach scoil chun tacaíocht a thabhairt do chuimsiú, cosc a chur ar dheacrachtaí foghlama agus luath-idirghabháil. Cuideoidh an comhchuid bunlíne le múinteoirí beartais, agus cleachtais uile scoile a chur i bhfeidhm d'fhonn teacht chun cinn ghnóthachtáil íseal agus deacrachtaí foghlama a íoslaghdú. Tá an leithdháileadh bunlíne seo á chur ar fáil chomh maith leis na hacmhainní a cuireadh san áireamh de réir na heilimintí eile ar baineadh úsáid astu chun próifíl oideachais na scoile a bhunú.

Cinntoidh an leithdháileadh bunlíne freisin go mbeidh scoileanna in ann leanúint de dhaltaí a rollú agus tacaíocht a thabhairt do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu le linn an ama a mbeidh an phróifíl sin i bhfeidhm, agus go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar phróifíl na scoile.

Is ionann leithdháileadh bunlíne phróifíl gach scoile agus 20% den líon foriomlán poist tacaíochta Acmhainní/Foghlama a leithdháileadh ar scoileanna don bhliain scoile 2016/17, arna n-athdháileadh go cothrom idir na scoileanna uile, bunaithe ar uimhreacha rollaithe gach scoile don bhliain 2015/16, ós rud é gurb iad sin na mionsonraí rollaithe iomlán is déanaí atá ar fáil.

Ba chóir a aithint nach féidir an leithdháileadh bunlíne don mhúnla nua a chur i gcomparáid leis an leithdháileadh tacaíochta foghlama a fuarthas faoin seanchóras. Is múnla iomlán nua agus difriúil é seo, agus ní athbhreithniú ar an seanmhúnla. D'fhonn forléargas iomlán a fháil ar a leithdháileadh breise don mhúnla nua, ní mór do scoileanna a leithdháileadh bunlíne a bhreithniú taobh leis an leithdháileadh a fhaigheann siad faoin gcomhchuid phróifíl oideachais, a thugann a leithdháileadh foriomlán.

Freisin, ní hionann an bhunlíne agus 20% de leithdháileadh ar scoileanna aonair ó anuraidh, ach 20% de na leithdháiltí foriomlán Tacaíochta Fhoghlama agus Múinteoireacht Acmhainní, arna n-athdháileadh go cothrom idir scoileanna, de réir mhéid na scoile.

7. Próifíl Oideachais Scoile

7.1 An Líon daltaí cláraithe leis an scoil a bhfuil riachtanais chasta acu

Ar mhaithe le tabhairt isteach an mhúnla nua leithdháilte, ó Mheán Fómhair 2017, tá úsáid á bhaint as na leithdháiltí 'Mincíocht Íseal' CNOSa rinneadh do gach scoil don bhliain seo roimh scoilbhliain 2016/17, chun comhchuid na riachtanas casta de chuid an mhúnla nua leithdháilte do gach scoil a fháil amach.

Cuirtear san áireamh sna leithdháiltí seo leithdháiltí breise ar son tacaíochta le haghaidh Teagasc Acmhainní déanta ar scoileanna in 2015 agus 2016 chun tacú le daltaí le Siondróm Down a luadh i réimse a bhain le deacrachtaí eadroma foghlama ginearálta agus nach raibh curtha san áireamh sna leithrannta Mincíochta Ísil roimhe seo.

Le tabhairt isteach an mhúnla nua leithdháilte agus go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar leithdháiltí, is ionann sin agus nach bhfaighidh aon scoil leithdháileadh, chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais chasta orthu, leithdháileadh níos ísle mar sin ná a bhfuair siad chun tacú le daltaí le riachtanais oideachais speisialta Mincíocht Íseal le linn na bliana scoile 2016/17.

Is ionann seo fosta agus nach mbainfear aon leithdháileadh do dhaltá déanta ag an CNOS ó scoileanna a fhad is go bhfanann an dalta sa scoil sin.

Cé go mbeidh lánrogha níos fearr ag scoileanna maidir le modh acmhainní a dháileadh faoin mhúnla nua, de réir riachtanais aonair na ndaltaí, níl aon laghdú déanta ar na leithdháiltí do scoileanna maidir le haon dalta a fuair leithdháileadh ar bhonn riachtanais speisialta Minicíochta Ísil roimhe seo.

Tá múnla chun daltaí le riachtanais chasta a aithint sa todhchaí á chur le chéile ag an CNOS, i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO).

Cuirfidh an múnla seo próiseas déanta cinntí san áireamh mar aon le critéir cháilíochta maidir le roghnú páistí le haghaidh rochtain ar Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

Ar mhaithe le tabhairt isteach an mhúnla nua leithdháilte ó Mheán Fómhair 2017, déanfar na leithdháiltí reatha ‘Minicíocht Íseal’ CNOS don bhliain scoile 2016/17 a choinneáil chun foráil a dhéanamh ar son chomhchuid riachtanais chasta de phróifílí scoileanna.

Maidir leis an gcéad athphróifílú eile den tsamhail, beidh daltaí a bhfuil Riachtanais Chasta nua-aitheanta acu san áireamh sa leithdháileadh athbhreithnithe seo, lúide fágóirí scoile ar bith atá sa chatagóir seo, móide leithdháileadh breise le haghaidh iontrálaithe ar bith nua sa chatagóir um riachtanais chasta, thar an tréimhse ama ó rinneadh próifílí scoile a fhorbairt den chéad uair, go dtí an t-am a ndéanfar athphróifílú ar an tsamhail arís. Sa chomhthéacs seo, beidh an riachtanas do scoileanna chun comhairle a chur ar fhágóirí scoile don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta mar ghné de na socruithe athbhreithnithe.

7.2 Torthaí Thástálacha Caighdeánaithe

Rinne tuairisc an ghrúpa oibre CNOS cioradh go gcuireann sonraí thástálacha caighdeánaithe bunús leathan agus oibiachtúil chun difríochtaí idir scoileanna maidir le leibhéal choibhneasta gaisce iomlán oideachais a fháil amach.

Moladh sa tuairisc go n-úsáidfí torthaí thástálacha caighdeánaithe i dtógáil phróifílí oideachasúla scoileanna, mar go bhfuil nasc díreach acu le gnóthachtáil oideachais daltaí i scoileanna.

Cinntearfóir úsáid scóir thástálacha caighdeánaithe go gcuirfidh próifíl oideachasúil na scoile san áireamh daltaí le gnóthachtáil íseal i litearthacht agus uimhearthacht mar aon leis na daltaí siúd a mbíonn tionchar ag a riachtanais speisialta oideachais lena leibhéal ghnóthachtála foghlama.

Is ionann úsáid sonraí thástálacha caighdeánaithe agus go gciorfaí an phróifíl scoile ní amháin an líon daltaí sa scoil, ach riachtanais fhoghlama na ndaltaí sa scoil sin, de réir fianaise leibhéal ghnóthachtála.

Mhol an Grúpa Oibre gur chóir go n-úsáidfí sonraí thorthaí thástálacha caighdeánaithe don Matamaitic agus don Bhéarla, nó don Ghaeilge, chun críche próifíl oideachais scoile a chur le chéile, chun gnóthachtáil dhaltaí sa litearthacht agus san uimhearthacht a léiriú.

Cinntoidh sé seo go gcuirfidh leithdháiltí próifílithe do scoileanna san áireamh ní amháin an líon daltaí i ngach scoil, ach riachtanais fhoghlama na ndaltaí, de réir fianaise gnóthachtála sna tástálacha caighdeánaithe.

In 2014 agus 2015 rinne gach dalta bunscoile i rang a 2, 4 agus 6 scrúduithe sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic.¹

Tá próifiliú déanta ar scoileanna de réir thorthaí scrúduithe do dhaltaí atá ag baint amach nó ag titim faoi STen 4 i dtástálacha caighdeánaithe náisiúnta sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic.

Agus próifílí oideachais scoileanna á bhforbairt tá an t-ualú is airde sannta ar mhaithe le céatadán na ndaltaí a fhaigheann scór STen de 1, nó a bhí díolúnaithe ón scrúdú, le hualú déanta ar bhonn céimnithe ansin don chéatadán sin de dhaltaí a fhaigheann scór STen de 2, 3 nó 4.

Ina áit sin, léiríonn líon na ndaltaí a fhaigheann na gráid seo méid na riachtanas foghlama sa scoil. Glacann an leithdháileadh a bhfuiltear á thabhairt don scoil sin san áireamh.

Is féidir go dtiocfaidh na riachtanais fhoghlama léirithe ag scóir ísle na dtástálacha caighdeánaithe chun solais ar roinnt cúiseanna, de bhrí go bhfuil líon mór daltaí ag an scoil sin a bhfuil riachtanais speisialta orthu, nó go bhfuil daltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, nó daltaí nach bhfuil an Béarla mar phríomhtheanga acu, ann.

Níor ghlac an múnla leithdháilte ginearálaithe deireanach, a bhí bunaithe go príomha ar líon daltí sascoil, riachtanais fhoghlama na ndaltaí nó próifíl na ndaltaí sa scoil, san áireamh.

¹ Maidir le scoileanna sóisearacha nó náiscoileanna nach bhfuil rang 2 acu, ní dharna siad tástálacha caighdeánaithe rang 2 mar sin. I gcás scoileanna sóisearacha nó náiscoileanna den chineál seo, baintear úsáid as scóir na dtástálacha caighdeánaithe ó dhaltá ina scoil ghaolmhar nó ina scoil fhriothalach chun méid téacs caighdeánaithe do na scoileanna seo a chur i bhfeidhm.

Is de thairbhe seo gur mhol an CNOS leithdháileadh próifilíthe a chur ar fáil do scoileanna, ina raibh cíoradh ar scóir thástálacha caighdeánaithe.

Léiríonn mar sin na leithdháiltí atá á dtabhairt do scoileanna ar mhaithe le comhchuid scóir na dtástálacha caighdeánaithe an fíor-leibhéal de riachtanais fhoghlama i ngach scoil.

Agus an ghné seo de phróifil oideachais na scoileanna a ríomh, le cinntiú nach ngearrfaí pionóis ar scoileanna bunaithe ar fheidhmiú feabhsaithe, tá úsáid bainte as comhiomlán de thorthaí thástálacha caighdeánaithe bunscoile thar 2013/14 agus 2014/15 don chéad chéim de thabhairt isteach an mhúnla nua leithdháilte.

Ar mhaithe le hath-phróifiliú an mhúnla sa todhchaí, bainfear úsáid as sonraí uasdátaithe chun comhiomlán a dhéanamh de riachtanais fhoghlama na scoileanna, rud a chinnteoidh go bhforbrófaí pictiúr cruinn fírinneach de phróifil scoile thar thréimhse ama agus nach ngearrfaí pionóis ar scoileanna de bharr dul chun cinn nó athruithe i bhfeidhmiú scoileanna thar achair gairid.

D'fhonn a chinntiú nach ngearrfar pionós ar scoileanna as feidhmíocht a fheabhsú go ginearálta, ní bhainfear acmhainní ar bith a thugtar do scoileanna de réir na samhla reatha den scoil nuair a thugtar an tsamhail nua isteach.

Trí úsáid a bhaint as sonraí ó thástáil chaighdeánaithe ní bhíonn próifil na scoile ag brath ar líon na ndaltaí sa scoil amháin, ach ar riachtanais na ndaltaí sin sa scoil atá ag feidhmiú ar leibhéal atá léirithe sa 16% is ísle den phobal, de réir mar atá léirithe ag sonraí náisiúnta gnóthachtála.

Sa chomhthéacs seo, níor chóir go mbeadh inní ar bith ar scoileanna a n-éiríonn go maith leo sna tástálacha caighdeánaithe faoin tionchar a bheidh aige sin ar a bpróifilí. Agus luachanna á n-áireamh don chuid seo, ní chuirtear scóir ar bith san áireamh thar scóir 1 go 4 sa Deichniúr Caighdeánaithe. Ní thugtar luachanna, leis an fhírinne a dhéanamh, ach don 16% de dhaltaí a bheadh de ghnáth i gcatagóir na riachtanas speisialta oideachais, nó ar theorainn na catagóire sin.

7.3 Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta

I gcuid mhór de na Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta, is í an Ghaeilge príomhtheanga na ndaltaí a fhreastalaíonn orthu. Cuireann scoileanna mar seo tacaíocht bhreise teagaisc don litearthacht ar fáil don dalta trí Ghaeilge. De réir sin, ar mhaithe le Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta, tá

úsáid bainte scóir na dtástálacha caighdeánaithe i nGaeilge agus i mBéarla araon chun an ghné den phróifíl scoile ábhartha de gnóthachtáil dhaltaí sa litearthacht a áireamh.

I nGaelscoileanna is féidir an tacaíocht a thugann scoileanna do dhaltaí lena bhforbairt sa litearthacht a dhéanamh i nGaeilge nó i mBéarla, nó sa dá theanga, de réir mar a mheasann an scoil é a bheith riachtanach.

7.4 Comhthéacs Sóisialta: Míbhuntáiste

Tá aird tugtha ag Grúpa Oibre an CNOS gur féidir go gcuireann comhthéacs sóisialta na scoile go láidir le leibhéal na riachtanas foghlama atá ag daltaí sa scoil sin.

Tá sé luaithe fosta ag an Ghrúpa Oibre go bhfuil anailís déanta ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES), bunaithe ar shonraí ‘Ag Fás Aníos in Éirinn’, maidir le héagsúlacht leitheadúlachta na riachtanas speisialta oideachais thar aicme shóisialta agus grúpaí ioncaim. D’aimsigh siad gur mó, go suntasach, céatadán na ndaltaí a thuairiscigh múinteoirí go raibh riachtanais speisialta oideachais acu na daltaí i scoileanna lonnaithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

Ar bhunús an taighde atá ar fáil, is í an chonclúid a bhí ag an Ghrúpa Oibre ná go bhfuil úsáid chomhthéacs scoile bailí maidir le forbairt phróifíle oideachais na scoile, de bhrí go bhfuil nasc idir stádas socheacnamaíoch na ndaltaí agus minicíocht chineálacha áirithe riachtanas speisialta oideachais.

Mar sin tá leithdháileadh ann sna leithdháiltí próifílithe a chuireann comhthéacs sóisialta san áireamh.

Rinneadh seo a ríomh trí shuirbhé ar chomhthéacs sóisialta bunscoileanna in 2014. Sa todhchaí cuirfidh athbhreithnithe sonraí a bheidh cothram le data san áireamh, agus beidh na hathbhreithnithe treoraithe ag na foinsí eolais is fearr a bheidh ar fáil ar uair na hathbhreithnithe.

Trína aithint nach féidir le gach scoil sonraí faoi leith a bheith acu maidir le gach ceist a cuireadh i leith a líon daltaí, cuireadh ceist ar scoileanna a meastacháin is fearr a chur ar fáil i dtaca leis na ceisteanna a cuireadh sa suirbhé, chun cinntiú gur féidir an chomhchuid leithdháilte de réir comhthéacs sóisialta is cruinne agus is féidir d’aon mhúnla leithdháilte athbhreithnithe a fhorbairt do gach scoil.

Bhí na sonraí, ar iarradh ar na scoileanna a chur ar ais mar chuid den suirbhé, neamhphearsanta agus gan ainm. Iarradh ar scoileanna gan sonraí a bhain le cúinsí sóisialta daltaí aonair a chur ar ais.

7.5 Comhthéacs sóisialta: Inscne

Tá sé luaite i dtuairisc an Ghrúpa Oibre go léiríonn fianaise idirnáisiúnta go soiléir go mbíonn minicíocht níos airde míchumas i measc gasúr. Luaitear ann gur 'toisc thábhachtach í an inscne maidir le próifíl oideachais scoile a dhearbhu ar mhaithe le hacmhainní breise a leithdháileadh chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Cuireadh cúrsaí inscne san áireamh mar ghné den Mhúnla Leithdháilte Ghinearálta (MLG). Faoi MLG, bhain cóimheas leithdháiltí éagsúla le gasúir, cailíní, ar bhonn measctha, agus le scoileanna faoi mhíbhuntáiste faoi mar a leagtar amach iad i gCiorclán ROS 02/05.

Cuireann an múnla leithdháilte san áireamh difreálaigh inscne tríd ualú beag a thabhairt ar bhonn inscne bunaithe ar an líon gasúr a bhíonn ag freastal ar gach scoil. Beidh ualú gach scoile mar sin ag cur san áireamh próifíl inscne gach scoile i.e. líon gasúir ag freastal uirthi.

7.6 Tacaíocht don Bhéarla mar Theanga Bhreise (BTB)

Bhí foráil áirithe le fáil sa Mhúnla um Leithdháileadh Ghinearálta do bhunscoileanna, ó bhí 2012/13 ann, chun go bhféadfadh gach scoil tacaíocht teagaise bhreise a chur ar fáil do shaincheisteanna litearthachta a éiríonn as riachtanais an Bhéarla mar Theanga Bhreise (BTB).

Tá an soláthar sin i gceist agus le feiceáil freisin sa mhúnla nua leithdháilte seo agus dá réir beidh bunleithdháileadh ag gach scoil chun cabhrú le daltaí a mbíonn deacrachtaí foghlama agus litearthachta acu, ina measc iad siúd a éiríonn as riachtanais an Bhéarla mar Theanga Bhreise (BTB).

Léireoidh na scóir ón triail chaighdeánaithe ar a bhfuil cuid den phróifíl bunaithe cé na daltaí a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu. Ina theannta sin, mar chuid den suirbhé ar chomhthéacs sóisialta do bhunscoileanna, scrúdaíodh roinnt de na riachtanais BTB i scoileanna.

Sa leithdháileadh próifílithe do scoileanna, dá bhrí sin, cuirtear san áireamh na riachtanais BTB i scoileanna.

7.7 Leithdháileadh Breise do Scoileanna ina bhfuil Líon Ard Daltaí a éilíonn Tacaíocht Teanga (BTB)

Nuair is féidir le scoileanna a thaispeáint go bhfuil líon ard daltaí acu a éilíonn BTB is féidir leo leanúint orthu ag cur isteach ar **Leithdháileadh Breise do Scoileanna ina bhfuil Líon Ard Daltaí a éilíonn Tacaíocht Teanga (BTB)** de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos i sceideal soláthar foirne na mbunscoileanna don scoilbhliain 2017/18.

8. Leithdháileadh Próifílithe Iomlán

Is é atá i gceist sa leithdháileadh próifílithe iomlán a thugtar do gach scoil go gcinnteoidh sé go mbíonn méid socraithe tacaíocht teagaisc oideachas speisialta ag na scoileanna uile d'fhonn tacaíocht teagaisc bhreise a sholáthar do gach dalta dá gcuid a bhfuil riachtanais aitheanta acu chomh maith le daltaí a chlarófar sa todhchaí.

Is i gcomhréir leis an gContanam Treoirlínte Tacaíochta agus leis an Treoir atá leis an gCiorclán seo a shonróidh scoileanna cé na daltaí dá gcuid a bhfuil tacaíocht teagaisc bhreise ag teastáil uathu faoin múnla nua leithdháilte.

Úsáidfidh Múinteoirí agus Príomhoidí Scoile a mbreithiúnas gairmiúil agus iad ag cur i bhfeidhm na bprionsabal agus na cleachtais atá leagtha amach sa Chontanam Treoirlínte Tacaíochta agus sa Treoir laistigh dá scoil https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/neps_special_needs_guidelines.pdf.

Is é atá i gceist leis an leithdháileadh bonnlíne a bheith curtha isteach mar chuid den leithdháileadh próifílithe iomlán go gcinnteoidh sé sin freisin gur féidir le scoileanna leanúint orthu ag glacadh isteach daltaí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu.

Faightear sonraí in Aguisín 1 ar an gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm an leithdháileadh próifílithe iomlán don earnáil bhunscoile ina hiomláine.

9. ClarúDaltaí a bhFuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

Chinntigh na hacmhainní suntasacha breise a cuireadh ar fáil chun cabhrú leis an múnla nua seo a thabhairt isteach go dtabharfar leithdháileadh breise do gach scoil, ar léirigh a bpróifil scoile riachtanais shuntasacha bhreise do Mheán Fómhair 2017.

Ar an gcaoi chéanna, i gcásanna go raibh sé i gceist go bhfaigheadh scoileanna leithdháileadh laghdaithe, bunaithe ar a bpróifil scoile, cosnaíodh na cailteanais sin chun a chinntiú go bhfaigheann siad leithdháileadh cothrom leis an leithdháileadh riachtanais speisialta oideachais agus tacaíocht foghlama a fuair siad in 2016/17, tá an leithdháileadh breise atáthar a thabhairt á sholáthar ar an mbonn nach ndiúltófar rollú dóibh mar gheall ar a riachtanais speisialta oideachais agus teagaisc.

I gcásanna ina ndiúltaíonn scoileanna páistí a chur ar a rolla, ar bhonn a gcuid riachtanais speisialta oideachais agus teagaisc, agus in ainneoin aon fhorálacha reachtúla eile atá in áit faoi láthair, nó le teacht gan mhoill, coimeádann an Roinn Oideachais agus Scileanna an ceart chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Leithdháileadh Tacaíocht Teagaisc i leith Riachtanais Speisialta Oideachais a bhronntar ar scoileanna nach gcláraíonn a leithéid de dhaltaí.

10. Measúnuithe Míochaine agus Gairmiúla

Ba chóir leanúint den úsáid a bhaintear as measúnuithe míochaine nó síceolaíochta, nuair a bhíonn fáil orthu, chun cabhrú le riachtanais páiste agus gnéithe na ndeacrachtaí a mhíniú agus a thuiscint níos fearr, agus chun bonn eolas a chur faoi idirghabhálacha iomchuí. Ní bheidh gá a thuilleadh le measúnú den chineál sin, ná diagnóis ar riocht sláinte áirithe a bheith ag dalta chun acmhainní teagaisc agus oideachais a rochtain i scoileanna, ná ní bheidh ar scoileanna measúnuithe a chur isteach gach bliain chun iarratas a dhéanamh ar acmhainní breise teagaisc.

Ciallóidh sé sin go ndéanfaidh scoileanna sábháil mhór riaracháin nuair nach gá dóibh measúnuithe a lorg a thuilleadh ná iarratais a dhéanamh gach bliain chuig an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) chun soláthar tacaíocht teagaisc bhreise a chinntiú ina scoil.

Cuirfidh sé deireadh le moilleanna sa leithdháileadh. Ní bheidh moill feasta ar dhaltaí tuairiscí a fháil a d'fhéadfadh, san am a caitheadh, rochtain ar thacaíocht riachtanach foghlama a shéanadh ar pháiste.

Coimeádfaidh scoileanna a bpróifílí iomlána scoile, go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar na próifílí, is cuma cé acu a bhíonn roinnt daltaí le measúnú ar riachtanais speisialta oideachais ag teacht chun na scoile nó á fágáil le linn na tréimhse lena mbaineann an leithdháileadh próifílithe atá in áit.

Meastar go mbeidh an líon lucht fágála i ngach scoil, a bhí roimhe sin ag fáil tacaíocht foghlama nó tacaíocht ó mhúinteoir acmhainní, a bheag nó a mhór cothrom leis an líon daltaí nua isteach sa scoil thar an tréimhse chéanna.

Fanfaidh na próifílí seo seasmhach thar an tréimhse sin mar aitheantas ar ghnáthaistriú daltaí thar shaolré an mhúnla.

Ní dhéanfar próifílí a nuashonrú i rith an chéad dá bhliain den mhúnla chun nuarollúcháin ná riachtanais nuadhiagnóisithe daltaí a bhíonn ag freastal ar an scoil a chur san áireamh, seachas faoi na cúinsí a leagtar amach i Rannán 11 maidir le hachomhairc.

Cuirfear san áireamh aon difreálaigh i bpróifíl na scoile ag tráth an chéad athbhreithnithe eile ar phróifílí scoileanna.

Féadfaidh an scoil tacaíocht teagaise bhreise a leithdháileadh ar dhaltaí de réir mar a aithníonn sí riachtanais foghlama trí fheidhm a bhaint as measúnú scoilbhunaithe, Contanam Tacaíochta na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) agus an Treoir a thugtar do scoileanna. Is féidir le scoileanna úsáid a bhaint freisin as tuarascálacha gairmiúla nuair a bhíonn siad ar fáil.

De réir an mhúnla nua, ba chóir go bhfaigheadh páiste tacaíocht teagaise bhreise bunaithe ar a gcuid riachtanais foghlama aitheanta, seachas ar dhiagnóis ar mhíchumais go príomha.

11. Próiseas Achomhairc

Cuirfidh an CNOS scoileanna ar an eolas faoi na leithdhailtí i Mí na Márta 2017 i bhfoirm litreach agus trí fhoilsiú ar an suíomh idirlín. Cuirfear sonraí an phróisis achomhairc in iúl do scoileanna i gcomhar leis an leithdháileadh do scoileanna.

12. Scoláirí a Aithint le haghaidh Tacaíochta

Leagtar amach i Rannán B den Treoir a thagann leis an gclár seo an chaoi ar chóir do scoileanna daltaí a aithint le haghaidh tacaíocht teagaisc i scoileanna.

Go hachomair, agus iad ag sainaithint daltaí le haghaidh tacaíochta, ba chóir do scoileanna na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Is féidir trialacha caighdeánaithe a úsáid chun scagthástáil a dhéanamh ar dhaltaí agus a bhfeidhmiú sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic a shainaithint. Ba chóir tosaíocht a dhéanamh de na daltaí úd a fheidhmíonn faoin 10^ú peircintíl le haghaidh an leibhéal is airde tacaíochta sa litearthacht agus san uimhearthacht.
- Daltaí a bhí ag fáil roimhe seo teagasc sa bhreis ó mhúinteoir acmhainní nó tacaíocht foghlama agus a bhfuil deacrachtaí móra foghlama fós acu.
- Daltaí a n-aithnítear orthu go bhfuil riachtanais thábhachtacha acu trí phróiseas measúnú leanúnach agus idirghabhála faoi mar a leagtar amach i bPróiseas Chontanam Tacaíochta an SNSO (ROS, 2010). Beidh fianaise air sin trí mheasúnú scoilbhunaithe ar ghnóthachtáil, agus feidhmiú iompraíochta, sóisialta agus mothúchánach agus monatóireacht leanúnach ar thorthaí foghlama. Nuair a bhíonn teacht ar a leithéid, ba chóir do scoileanna na riachtanais a leagtar amach i dtuairiscí gairmiúla a chur san áireamh freisin.
- Daltaí a bhfuil riachtanais oideachais éadroma nó neamhbhuana acu lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le deacrachtaí urlabhra agus teanga, fadhbanna sóisialta nó mothúchánacha, nó deacrachtaí comhordaithe nó rialú airde acu. Daltaí a bhfuil míchumais foghlama ar leith acu.
- Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais shuntasacha acu. Mar shampla, daltaí a bhfuil riachtanais shuntasacha foghlama, iompraíochta, mhothúchánacha, fhisiceacha agus chéadfacha acu. Teastaíonn tacaíocht teagaisc bhreise ó na scoláirí sin de bhrí go mbíonn cláir foghlama fíoraonair agus dhifreáilte uathu a chuirtear in oiriúint dá gcuid riachtanas.
- Ba chóir do scoileanna na riachtanais atá ag scoláirí eile a mheabhú go cúramach freisin a bhféadfadh comharthaí sóirt a bheith acu i réimse foghlama ar bac mór iad ar fhoghlaim agus ar idirghníomhú na scoláirí agus ar a gcumas chun an curaclam a rochtain.

- Daltaí a bhfuil riachtanais foghlama bhreise litearthachta nó teanga acu lena n-áirítear na daltaí sin a bhfuil tacaíocht bhreise sa Bhéarla mar Theanga Bhreise de dhíth orthu.

Ba chóir gur de réir a gcuid riachtanas a shocrófaí déine na tacaíochta breise a sholáthraítear do dhaltaí a bhfuil gnóthachtáil íseal acu agus do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus ba chóir í a sholáthar ar bhonn difreáilte trí phróiseas an chontanaim tacaíochta.

13. Ról an Mhúinteora Ranga

Luaitear in Alt 22 (1) den Acht Oideachais 1998 príomhacht an mhúinteora in oideachas agus i bhforbairt phearsanta scoláirí i scoileanna. Is é an múinteoir ranga atá freagrach as gach dalta ina rang a theagasc, ina measc aon daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is ar an múinteoir ranga atá an phríomhfhreagracht as dul chun cinn agus cúram na ndaltaí uile ina rang, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Tá an fhreagracht ar an múinteoir a chinntiú go ndeanfar gach dalta a theagasc i dtimpeallacht ranga atá spreagúil agus tacúil agus ina mothaíonn gach dalta go bhfuil meas air agus luach lena ionchur.

Ar aon dul leis an gContanam Treoirínte Tacaíochta, d'fhéadfadh an múinteoir ranga faisnéis a bhailiú trí mhodhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, chun críche bonn eolais a chur faoi idirghabhálacha.

Bíonn ról lárnach ag an múinteoir ranga freisin chun daltaí le riachtanais bhreise a aithint agus chun freagairt dóibh lena n-áirítear an curaclam a dhifreáil mar is cuí. Cuirfear bonn eolais faoi na freagairtí sin trí chomhoibriú le comhghleacaithe, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daoine eile amhail síceolaí SNSO na scoile, an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú, agus an tEagraí Riachtanais Speisialta Oideachais áitiúil.

Déanfaidh an múinteoir ranga oiriúntais ar leith a sholáthar do dhalta laistigh den seomra ranga de bharr buarthaí faoi dhul chun cinn, feidhmiú, cumarsáid, iompar dalta nó faoina (h)idirghníomhaíocht le piaraí agus forbróidh siad clár teagasc difreáilte don dalta sin.

14. Tacaíocht Teagaisc Bhreise

Is iomaí páiste a dteastaíonn tacaíocht teagaisc bhreise uathu i scoileanna.

I gcás mar sin, gheobhaidh an múinteoir ranga tacaíocht ó Mhúinteoirí Riachtanais Speisialta Oideachais, ar múinteoirí láncháilithe iad a mbeidh rochtain acu ar oiliúint bhreise i réimse an oideachais speisialta, agus a oibreoidh go dlúth leis an múinteoir ranga chun tacaíocht teagaisc bhreise a sholáthar do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

I gcomhar leis an Múinteoir Riachtanais Speisialta Oideachais mar is gá, meabhróidh an múinteoir ranga bealaí inar féidir an curaclam a dhifreáil nó a oiriúnú chun freastal ar riachtanais daltaí aonair. D'fhéadfadh go gciallódh sé sin freisin na straitéisí teagaisc agus na cláir is oiriúnaí a aithint chun freastal ar riachtanais an pháiste, agus cinneadh a dhéanamh cé na tacaí teagaisc breise a theastaíonn. Is gnách, mar chuid den phróiseas sin, go dtéitear i gcomhairle leis na tuismitheoirí.

15. An Cineál Teagaisc a Sholáthraítear

Is féidir tacaíocht teagaisc bhreise a sholáthar ar bhealaí éagsúla. D'fhéadfadh an múinteoir oideachas speisialta oibriú sa seomra ranga i bpáirt leis an múinteoir ranga nó scoláirí a aistarraingt ina ngrúpaí beaga nó ina n-aonar ar feadh seal áirithe (ag brath ar riachtanais na scoláirí) chun dianteagasc a dhéanamh ar phríomhscileanna.

Ba chóir go gcuimseodh an réimse tacaí teagaisc buíonteagasc, grúptheagasc agus, nuair is gá, teagasc aonair chun freastal ar riachtanais foghlama ar leith.

Is féidir tabhairt faoi riachtanais foghlama aonair ar bhealaí difriúla agus níor chóir go gcothromófaí iad le haistarraingt ón seomra ranga le haghaidh teagasc duine le duine nó grúptheagaisc. Léiríodh gur féidir le leaganacha amach difriúla buíonteagaisc a bheith ina múnla cuí chun dul i ngleic le riachtanais aonair i suíomh comhchoiteann an tseomra ranga. De réir mar is gá, is féidir é sin a nascadh le haistarraingt le haghaidh dianteagaisc ar scileanna ar leith, bunaithe ar leibhéal an riachtanais.

Nuair a chuirtear tacaíocht ar fáil do ghrúpaí beaga daltaí, nó nuair a úsáidtear teagasc tacaíochta inmheánach le haghaidh roinnt daltaí, murab ionann is teagasc duine le duine go príomha, ciallaíonn sé freisin gur minic a bheidh daltaí cáilitheacha ábalta níos mó tacaíochta a fháil ná mar a bheadh acu murach é sin.

16. Leithdháileadh Singil

Is post cónasctha é an Post Oideachais Speisialta nua a thugann faille do scoileanna freastal ar a gcuid riachtanais speisialta oideachais agus teagaisc laistigh den leithdháileadh singil sin.

Ó Mheán Fómhair 2017 ní bheidh idirdhealú ann feasta idir na poist a aithníodh roimhe seo faoi na teidil Poist Tacaíocht Foghlama, nó poist Tacaíocht Foghlama/Múinteoireacht Acmhainne/BTB faoin Múnla um Leithdháileadh Ginearálta (MLG), agus Poist Múinteoireacht Acmhainne faoi leithdháileadh CNOS.

Beidh leithdháileadh cónasctha singil riachtanais speisialta oideachais agus teagaisc ag scoileanna anois.

Laghdóidh sé sin an méid postroinnt idirscoile nó cnuaschruinnithe a bhíonn ann. Laghdóidh sé níos mó arís an t-ualach riaracháin ar scoileanna agus an méid ama a chaitear ag taisteal idir scoileanna.

Dá réir sin, **ní ann feasta** don choinníoll a shonraítear i gCiorclán ROS 07/2012 (agus Ciorcláin socrú bliantúil soláthar foirne ina dhiaidh sin) nach gceadaítear do scoileanna uaireanta acmhainne faofa MLG/BTB agus CNOS a chónascadh le chéile ina bpoist lánaimseartha.

17. Slánú

Do scoileanna a fhaigheann leithdháileadh breise faoin bpróiseas nua leithdháilte, slánaítear an leithdháileadh go haonaid de 2.5 uair, d'fhonn an leithdháileadh ar scoileanna a shimpliú.

Coimeádfaidh scoileanna nach bhfaigheann leithdháileadh breise a leithdháileadh reatha 2016/17.

18. Stádas na bPost

Post buan is ea gach post lánaimseartha sa Teagasc Oideachas Speisialta, idir lánaimseartha i scoil amháin agus bonnphoist le haghaidh cnuasaigh Teagasc Oideachas Speisialta.

Ní féidir ach poist shealadacha a dhéanamh d'uaireanta páirtaimseartha i scoil nach bhfuil cnuasaithe.

19. Riachtanais Chláraithe le haghaidh Poist Teagaisc Oideachas Speisialta

Mar atá leagtha amach i Mír 16 thuas, faoin tSamhail Nua Leithdháilte, ní dhéanfar aon idirdhealú idir Poist Tacaíocht Foghlama agus Poist Múinteoirí Acmhainní. Tá na forálacha seo á gcumasc ina phost aonair Múinteoirí Oideachais Speisialta.

D'fhonn a aithint gurbh ann do chritéir éagsúla cáilíochta faoin tsamhail leithdháilte a bhí ann cheana, maidir le tabhairt isteach na samhla nua leithdháilte, agus chun leanúnachas soláthair a chinntiú, d'fhéadfaí múinteoirí lánchláraithe, nó múinteoirí a probháidíodh in ionad teoranta cheana, a cheapadh i bpoist Múinteoirí Oideachais Speisialta

Ba chóir do scoileanna gach iarracht a dhéanamh a chinntiú, nuair is féidir, go gceapfaí múinteoirí lánchláraithe. D'fhéadfadh clárú na Comhairle Múinteoireachta a bheith ag a leithéid de mhúinteoirí faoi Shlí 1 Bunscolaíochta (Rialachán 2 Bunscolaíochta roimhe seo) nó Slí 4 Eile (Rialachán 3 Montessori agus Catagóirí Eile).

Is tábhachtach a chinntiú gur múinteoirí a bhfuil an saineolas cuí acu agus ar féidir leo leanúnachas tacaíochta a thabhairt, a bhíonn ag tacú leis na daltaí ar mó a riachtanais. Mar sin de, mura féidir Poist Múinteoirí RSO a líonadh le múinteoir lánchláraithe, nó múinteoir a probháidíodh in ionad teoranta is féidir múinteoirí a bhfuil coinníollacha neamhchomhlíonta fós acu a cheapadh nuair a mheastar gur acu atá na cáilíochtaí is iomchuí. I gcás mar sin ba chóir forbairt ghairmiúil agus saineolas múinteoirí, lena n-áirítear cailíochtaí aitheanta san oideachas speisialta a bheith gnóthaithe ag múinteoirí a chur san áireamh.

20. Líonadh Post

Ba chóir poist Teagaisc Oideachais Speisialta a líonadh de réir na socrúithe foilsithe soláthar agus athlonnú foirne a bheidh leagtha amach i Sceideal Soláthar Foirne na mBunscoileanna don scoilbhliain 2017/18.

21. Athlonnú Múinteoirí Laistigh den Scoil

Sa bhreis ar na riachtanais cháilíochta a nótáiltear i Rannán 19 thuas, ba chóir go gcuirfeadh an príomhoide san áireamh forbairt ghairmiúil shealbhaithe agus saineolas múinteoirí, lena n-áirítear cásanna inar ghnóthaigh múinteoirí cáilíochtaí aitheanta san oideachas speisialta, le linn freagrachtaí teagaisc a leithdháileadh, chun a chinntiú go bhfaighidh daltaí leis na riachtanais is mó tacaíocht ó mhúinteoirí a bhfuil an saineolas ábhartha acu, agus ar féidir leo leanúnachas tacaíochta a sholáthar.

22. Úsáid acmhainní teagaisc breise i gcomhair scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Is gá cur chuige ón scoil uile chun daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur san áireamh mar is ceart agus is amhlaidh is féidir le scoileanna freastal ar mhodh éifeachtúil agus tráthúil ar na riachtanais ilchineálacha a bhíonn ag an bpobal daltaí acu.

Ba chóir acmhainní chun cabhrú le daltaí a athlonnú de réir na Treorach atá á soláthar i gcuideachta an Chiorcláin seo.

Ba chóir do scoileanna a chinntiú go n-úsáidtear na tacaí breise do Riachtanais Speisialta Oideachais agus Teagaisc ina n-iomláine chun cabhrú le scoláirí ar aithníodh go raibh riachtanais speisialta oideachais, riachtanais tacaíocht foghlama, agus litearthacht bhreise acu amhail Tacaíocht don Bhéarla mar Theanga Bhreise.

Ní féidir na hAcmhainní Teagaisc breise a sholáthraítear faoin múnla seo a úsáid le haghaidh teagasc ranganna príomhshrutha nó chun an cóimheas idir múinteoirí agus daltaí a laghdú i ranganna príomhshrutha.

Sa chás go mbaintear mí-úsáid as acmhainní Riachtanais Speisialta Oideachais agus Teagaisc agus go bhfuil na hacmhainní sin á n-úsáid chun críocha seachas na cinn a beartaíodh, mar atá siad leagtha amach sa chiorclán seo, coimeádann an Roinn an ceart athbhreithniú a dhéanamh ar leithdháileadh Tacaí Riachtanais Speisialta Oideachais agus Teagaisc a thugtar do scoileanna.

23. Gníomhaíochtaí Comhordaithe

Cuimsíonn an leithdháileadh foráil chun gníomhaíochtaí pleanála agus comhordaithe a stiúradh a bhíonn ag teastáil chun an úsáid is éifeachtaí agus is fearr, do pháistí, a bhaint as na huaireanta teagaisc riachtanais speisialta oideachais a thugtar do scoileanna. Beidh úsáid éifeachtach na n-acmhainní ag brath ar chleachtais éifeachtacha socrú amchláir a chinntíonn leanúnachas agus a sheachnaíonn ilroinnt mhíchúil an tsoláthair.

Beidh an méid am comhordaithe is gá do scoileanna a úsáid éagsúil ag brath ar mhéid na scoile, an líon daltaí a bhfuil tacaíocht teagaisc bhreise ag teastáil uathu, agus an líon múinteoirí atá ann chun an tacaíocht sin a sholáthar. Ba chóir am comhordaithe a choimeád chomh gearr agus is féidir, áfach, chun a chinntiú gur féidir an méid is mó am teagaisc agus is féidir a thabhairt do na daltaí sin.

24. Pleanáil Oideachasúil

Is gné lárnach í an phleanáil oideachasúil i gcur chuige na scoile uile chun freastal ar riachtanais daltaí. Ba chóir go mbeadh difreáil sna pleananna oideachais agus iad ag teacht le riachtanais scoláirí. Ba chóir go bhfaighfí spriocanna foghlama soiléire intomhaiste i bplean oideachais dalta agus go sonrófaí ann na hacmhainní agus na hidirghabhálacha a úsáidfear chun tabhairt faoi riachtanais dalta i gcomhréir le próiseas an chontanaim tacaíochta. Ba chóir pleananna aonair do dhaltaí a fhorbairt trí phróiseas comhoibríoch a tharraingíonn ar shaineolas múinteoirí ábhartha, tuismitheoirí/caomhnóirí, na daltaí féin agus gairmithe seachtracha, mar is gá. Ba chóir go gcuimseodh an próiseas pleanáil aonair athbhreithnithe rialta ar spriocanna foghlama mar chuid de thimthriall leanúnach ina bhfuil measúnú, socrú spriocanna, idirghabháil agus athbhreithniú.

Faightear treoir do scoileanna ar phleanáil oideachasúil agus monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí agus an chaoi inar chóir dóibh pleanáil oideachasúil a dhéanamh, trí Chomhad Tacaíochta an Dalta, faightear an treoir sin sa Treoir do Scoileanna: Tacaíocht a thabhairt do Pháistí agus do Dhaoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i Scoileanna Príomhshrutha, atá ceangailte leis seo ag Rannán B.

25. Tacaí do Scoileanna

Beidh tacaíocht agus treoir bhreise á cur ar fáil do bhainistíocht agus d'fhoirne scoileanna ag áisíneachtaí agus seirbhísí na Roinne ar nós na Seirbhíse Tacaíochta um Ionchuisiú, an tSeirbhís Náisiúnta

Síceolaíochta Oideachais (NEPS), an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), agus Cigireacht an ROS.

Má tá aon cheist agat i dtaca leis an gCiorclán seo téigh i dteagmháil leis an Aonad um Oideachas ag special_education@education.gov.ie

Is féidir an ciorclán seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie

Jim Mulkerrins


Príomhoifigeach

Aonad an Oideachais Speisialta

7 Márta 2017

Aguisín 1: Leithdháileadh Próifílithe Iomlán

Cé go mbeidh éagsúlacht sa leithdháileadh aonair a bheidh ag gach scoil ar leith, bunaithe ar an líon daltaí i ngach scoil a cháilíonn laistigh de gach catagóir a bhfuiltear ag déanamh leithdháileadh próifílithe dóibh, is mar seo a leanas a bheidh leithdháileadh na n-acmhainní iomlána atá ann agus atá le hath-leithdháileadh, bunaithe ar mhúnla leithdháileadh próifílithe, do bhunscoileanna:



Bonnline (20%)

Trialacha Caighdeánaithe (23%)

Insene (3.5%)

Riachtanais Chasta (50%)

Faoi Mhíbhuntáiste (3.5%)

Bonnline

Tá leithdháileadh bonnline gach scoile comhdhéanta de 20% den líon iomlán poist Tacaíocht Acmhainne/Foghlama atá le leithdháileadh ar scoileanna don scoilbhliain 2016/17, agus iad ath-leithdháilte go cothrom idir gach scoil, bunaithe ar rollú gach scoile don scoilbhliain 2015/16, arb é an rollú sonraithe deireanach is iomláine dá bhfuil ar fáil.

Riachtanais Chasta

Má chloímid leis an Leithdháileadh Íosmhinicíochta in 2016/17 do bhunscoileanna, d'fhonn an chomhpháirt Riachtanais Chasta a chruthú le haghaidh tabhairt isteach na samhla nua leithdháilte ó Mheán Fómhair 2107, ciallaíonn sé sin go bhfuil tuairim ar 50% den líon iomlán poist Tacaíocht

Acmhainne/Foghlama a leithdháiltear ar bhunscoileanna don scoilbhliain 2016/17 á n-úsáid le haghaidh chomhpháirt phróifíl na Riachtanas Casta.

Scóir Trialacha Caighdeánaithe

An chuid de na h-acmhainní foriomlána atá á sholáthar do thorthaí na dtrialacha caighdeánaithe faoin bpróifíl scoile is ionann é agus tuairim ar 23 % den leithdháileadh iomlán do bhunscoileanna.

Faoi mhíbuntáiste

Tá tuairim ar 3.5% den leithdháileadh próifílithe iomlán do bhunscoileanna á sholáthar chun cuid den leithdháileadh a chur ar fáil le haghaidh páistí faoi mhíbuntáiste. Beidh sé sin difriúil ó scoil go scoil ag brath ar chomhthéacs sóisialta gach scoile.

Inscne

Tá tuairim ar 3.5% den leithdháileadh próifílithe iomlán do bhunscoileanna á sholáthar chun cuid den leithdháileadh a chur ar fáil le haghaidh inscne.

Beidh an leithdháileadh iarmhír a thugtar éagsúil idir scoileanna, ag brath ar an líon daltaí laistigh de gach catagóir den phróifíl.